

GA

GA

GA



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 28.10.2010
SEC(2010) 1263 leagan deireanach

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

Doiciméad a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

COM(2010) 611
SEC(2010) 1264

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN

Achoimre na tuarascála ar an measúnú tionchair den togra le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid a leasú

Príomh DG: MOVE

1. AN NÓS IMEACHTA

Ba chuid de chláir oibre agus reachtaíochta an Choimisiúin don bhliain 2008 (tagairt 2008/TREN/047 anois 2008/MOVE/047) é an togra seo.

Tosaíodh ullmhúcháin le haghaidh an mheasúnaithe tionchair in 2007. Bunaíodh grúpa stiúrtha idirsheirbhíse.

Baineadh úsáid as dhá fhoinse éagsúil neamhspleách de shaineolais. Ar an gcéad ásc, mar a fhoráiltear le hAirteagal 22 den Rialachán lena mbunaítear an Gníomhaireacht um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), choimisiúnaigh Bord Riaracháin EMSA meastóireacht sheachtrach. Ar bhonn na tuarascála deireanaí meastóireachta, ghlac an Bord Riaracháin le moltaí i Meitheamh 2008. Ar an dara hásc, choimisiúnaigh seirbhísí an Choimisiúin staidéar faoi chomhaontú réime le haghaidh cúnaimh i leith measúnuithe tionchair. Faoi dheireadh, áiríodh straitéis 5 bliana de chuid EMSA freisin, straitéis arna ceadú ag Bord Riaracháin EMSA i Márta 2010.

2. AN FHADHB

Cruthaíodh EMSA in 2002 mar chuid den dara pacáiste sábháilteachta muirí i ndáil le hiarracht ghinearálta chun sábháilteacht mhuirí in uiscí na hEorpa a fheabhsú i ndiaidh roinnt tionóiscí muirí, a raibh cuid acu mar chúis le tubaistí comhshaoil san Eoraip. Thosaigh an Gníomhaireacht a cuid imeachtaí go luath in 2003. Ba é 2004 an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí.

Deimhnítear leis an meastóireacht sheachtrach go bhfuil bearna líonta ag EMSA i réimse na sábháilteachta muirí san Aontas Eorpach. Ina theannta sin, measann páirtithe leasmhara gur Rialachán an-ábhartha é Rialachán EMSA agus gurb eagraíocht an-ábhartha í EMSA leis. Is soiléir ón meastóireacht sheachtrach, afách, gurbh fhéidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht EMSA a fheabhsú tuilleadh i roinnt réimsí agus gurb inmhianaithe é soiléiriú áirithe a fháil. Dá bhrí sin, ní mór dul i ngleic le dhá shraith d'fhadhbanna:

- 1) a mhéid atá an bunús arna soláthar le Rialachán EMSA ag áirithiú go gcomhlíonfaidh EMSA a cúraimí mar a bheidh a príomhpháirtithe leasmhara ag siúl leis agus
- 2) conas aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna rialachais atá tar éis teacht chun cinn sna chéad chúpla bliain de EMSA a bheith ann.

Mura dhéanann sí gníomh, tiocfaidh neamhchinnteachtaí chun cinn idir Rialachán bunaidh EMSA agus reachtaíocht nua i réimse na sábháilteachta muirí i ndáil le cúraimí EMSA agus i ndáil le heaspa léargais de réir bhrí na gceisteanna "cén obair atá ar bun agus cé atá i mbun na hoibre sin?" Dá bhrí sin, tá sé riachtanach cúraimí EMSA a shonrú níos fearr agus cúnadh ó EMSA don Choimisiún agus do na Ballstáit a shainmhíniú go beacht i gcomhthéacs forbairtí éagsúla (an tríú pacáiste sábháilteachta muirí, beartas comhtháite muirí de chuid an AE agus i bhfaireachas muirí go háirithe, nithe a phlé maidir le seirbhís garda cósta Eorpach, taighde muirí, ról an AE in eagraíochtaí cuí idirnáisiúnta a bhaineann le hiompar muirí, caidreamh le tíortha comharsanachta). Ní mór a áirithiú go mbeadh EMSA in ann riachtanais dhlísteanacha a páirtithe leasmhara a chomhlíonadh sa todhchaí freisin ar aon dul le forbairtí i réimse na sábháilteachta muirí.

Baineann an dara sraith d'fhadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu san athbheithniú seo le saincheisteanna rialachais. Is léir ó thaithí le cúpla bliain anuas nach mór roinnt forálacha rialachais a shoiléiriú tuilleadh chun sainmhíniú níos fearr a thabhairt ar róil agus ar fhreagrachtaí na Gníomhaireachta, an Bhoird Riaracháin, na mBallstát agus an Choimisiúin. Tá ról dúbailte ag EMSA faoi láthair idir monatóireacht ar Bhallstáit trí chigireacht a dhéanamh agus trí chuirteanna a thabhairt ar thaobh amháin, agus trí chúnadh teicniúil, oiliúint agus sheirbhísí tacaíochta muirí a sholáthar do na Ballstáit ar an taobh eile. Ina theannta sin, bíonn ar na comhaltaí Boird, a dhéanann ionadaíocht do Bhallstáit, déileáil le coinbhleacht leasa féideartha. Ar thaobh amháin, déanann siad cinntí mar chomhaltaí Boird maidir le gníomhaíochtaí agus hacmhainní de chuid EMSA, ar an taobh eile, déanann siad ionadaíocht do rialtais náisiúnta a bhíonn faoi réir cuairteanna agus cigireachtaí ó EMSA chun comhréireacht le rialacháin agus cleachtais náisiúnta i leith dlí is infheidhme an AE a sheiceáil. Tá gá le gníomhaíocht cheartaitheach i ngeall ar nádúr fadhbach na bhforálacha bunaidh.

3. NA CUSPÓIRÍ

Is é cuspóir ginearálta an bheartais sábháilteacht muirí, slándáil mhuirí agus cosc ar thruailliú agus freagairt i gcás thruaillithe ó shoithí a fheabhsú d'fhonn sábháilteacht saoránach, uiscí agus imeallbhord na hEorpa a fheabhsú.

Is é an chéad chuspóir sonracha beartais comhoiriúint níos fearr a áirithiú idir cúraimí EMSA mar a chumhdaítear ina Rialachán bunaidh agus sna heilimintí éagsúla de reachtaíocht shábháilteacht muirí an AE. Féadfar a chuimsiú leis seo, fairsingiú a dhéanamh ar chúraimí EMSA i réimsí nua mar seo a leanas: sábháilteacht muirí, slándáil mhuirí, cosc ar thruailliú agus freagairt i gcás truaillithe. Is é an dara cuspóir sonracha beartais saincheisteanna rialachais a shoiléiriú, saincheisteanna a tháinig chun cinn sna blianta tosaigh tar éis bhunú EMSA, d'fhonn freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a aithint (an Gníomhaireacht, an Bord Riaracháin, an Coimisiún agus Ballstáit). Faoi dheireadh, is é an tríú cuspóir sonracha beartais cabhrú le infheictheacht an AE ar leibhéal idirnáisiúnta a fheabhsú trí chúnadh teicniúil úrscothach a sholáthar do na Ballstáit agus don Choimisiún i réimse uile oilteacht na Gníomhaireachta.

4. AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

Cuireadh dhá shraith de roghanna faoi chaibidil, baineann an chéad sraith le cúraimí EMSA agus baineann an dara sraith le rialachas EMSA.

Is iad seo a leanas na roghanna a scrudaíodh i ndáil le cúraimí EMSA:

Rogha 1: "gan aon ní a dhéanamh" (i.e. fág Rialachán 1406/2002 gan aon athrú);

Rogha 2: "mion-athbhreithniú" athbhreithniú a bheidh teoranta do chúraimí a thagann chun cinn ón tríú pacáiste sábháilteachta muirí a chur chun feidhme;

Rogha 3: "meán-athbhreithniú" athbhreithniú ina gcuimsítear rogha 2 mar aon le glacadh le cuid mhór de ghníomhaíochtaí Mheabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú Stáit ar Chalafóirt (Paris MoU);

Rogha 4: "athbhreithniú mór" athbhreithniú ina gcuimsítear rogha 3 mar aon le cúraimí nua sna réimsí slándála, taighde agus beartais ghinearálta mhuirí.

Ón tús, glacadh leis nach roghanna ag teacht salach ar a chéile iad roghanna 2 agus 4 ach gur roghanna carnacha iad agus gur cheart líon cúraimí sonracha laistigh de na cúraimí sin a fhorbairt agus a mheas ina n-aonair, rud a d'fhéadfadh ath-shainmhíniú páirteach ar roghanna a bheith mar thoradh air.

I ndáil le cúraimí na Gníomhaireachta, beidh teorainneacha ag baint le tionchair eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil is dochúlú na roghanna beartais de bharr scóip theoranta an mhodhnaithe atá faoi bhreithniú. Ina theannta sin, ní féidir tionchair na roghanna atá faoi bhreithniú a chainníochtú go cruinn. Go deimhin, cruthaítear cúraimí uile EMSA mar chúnamh teicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit. Ní féidir rannchuidiú an chúnamh theicniúil do na cuspóirí beartais a thomhas leis na hionstraimí reatha atá ar fáil.

Ní rabhthas in ann aon tionchar intomhaiste i dtaca le hiomaíochas na hearnála loingseoireachta a bhunú le haghaidh aon rogha i dtaca le costais ná sochair. Glactar leis, áfach, go dtabharfadh cúnaimh EMSA i leith Ballstát agus an Choimisiúin buntáiste indíreach don earnáil loingseoireachta sa mhéid go mbeadh Ballstáit agus an Coimisiún in ann na gníomhaíochtaí rialála a chomhlíonadh ar bhealach níos láidre. De réir sainmhínte, níor cheart go gcuirfeadh cúnaimh teicniúil EMSA le hualach riaracháin ná costais a bhaineann leis na Ballstáit. Fad a bhíonn sé deacair na coigiltis lena mbeifí ag súil le haghaidh Ballstát a chainníochtú, le linn comhairliúchán le páirtithe leasmhara, bhí líon ard ionadaithe de chuid na mBallstát ag súil le coigiltis ar leibhéal náisiúnta a ghnóthú as cúnaimh breise teicniúil ESMA. Baineann an príomhthionchar eacnamaíoch a shainaithníodh le méadú Bhuiséad EMSA ag baint úsáide as na creidmheasanna cuí riaracháin agus oibríochtúil d'fhonn cúraimí breise a chomhlíonadh.

Tá tionchar sóisialta imeallach ag na roghanna uile. Féadfar éifeachtaí dearfacha indíreacha a fhorléiriú le haghaidh dálaí sábháilteachta agus maireachtála/oibre aon mharaithe agus aon phaisinéirí ar bord soithí.

Maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol, táthar ag súil go soláthrófar le roghanna 2 agus 4 tionchar dearfach ar an gcomhshaol mar dhéanfaí longa agus loingseoireacht níos sábháilte a chur ar fáil leis na bearta atá faoi bhreithniú .

De bharr thaithí reatha EMSA i ngníomhíochtaí comhchosúla, socraíodh gur cheart go mbeadh EMSA éifeachtach nó an-éifeachtach i gcomhlíonadh cuid mhór de na cúraimí féideartha. Baineann na nithe sin le gach cúram a thagann faoi rogha 2 agus 3 ach i gcás rogha 4, rinneadh an dá chúram a bhaineann le taighde agus an dá chúram a bhaineann le comhoibriú i gcás aon tríú tír chomharsanachta a rátáladh "cuibheasach éifeachtach" mar go gcomhdhéanfar leis an dá ní sin, réimsí réasúnta nua de ghníomhaíochtaí le haghaidh na Gníomhaireachta. Tugann beagnach gach cúram nua féideartha a thagann faoi roghanna 2 go 4 ard-bhreisluch don AE.

Nuair a mheastar féidearthacht na roghanna éagsúla atá faoi bhreithniú, b'éigean don Choimisiún infhaighteach acmhainní buiséadacha a chur san áireamh. Ní cheadaítear leis na peirspictíochtaí airgeadais suas go dtí 2013 na hacmhainní cuí buiséadacha a sholáthar do EMSA d'fhonn cúraimí nua féideartha agus inmhianaithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, b'éigean don Choimisiún roghnú a dhéanamh i measc na gcúraimí a shainaithníodh sa mheasúnú tionchair de réir a n-ábharthachta agus a mbreisluchta le haghaidh an AE. Idir an dá linn, tá EMSA tar éis cuid de na cúraimí nua a chuir chun feidhme cheana ar bhonn a Rialacháin reatha mar aon lena hacmhainní buiséadacha reatha.

Is iad seo a leanas na roghanna a scrudaíodh i ndáil le rialachas EMSA:

Rogha 1: "gan aon ní a dhéanamh" (i.e. fág Rialachán 1406/2002 gan aon athrú);

Rogha 2: athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna rialachais laistigh de chreat institiúideach gníomhaireachta rialacháin;

Rogha 3: athbhreithniú radacach a dhéanamh tríd an gcreat instiúideach ina bhfeidhmíonn EMSA faoi láthair a athrú.

Cuireadh réiteach radach rogha 3 ar leathtaobh ag céim luath mar ceapadh go raibh costais dhíréireacha ag baint le costais riaracháin an athraithe. Ina theannta sin, dá scarfaí an Ghníomhaireacht in dhá fho-aonán ar leith, chruthófaí neamhéifeachtúlachtaí gan iarraidh agus fritorthúla. Cinneadh mar sin EMSA a chóiméad mar ghníomhaireacht ar a dtugtar "gníomhaireacht rialála" ina bhfuil ardchéim neamhspleáchais in aon struchtúr amháin. De réir mar a glacadh leis nach mbeadh aon tionchar diúltach i dtaobh cúrsaí sóisialta ná comhshaoil ag na gnéithe den athbhreithniú a bhain le rialachas, cinneadh go gcoinneofaí le rogha 2. Go deimhin, ní bheadh aon chiall le neamhaird a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais agus athbhreithniú á dhéanamh ar chúraimí EMSA mar a bheadh gá ann i ndáil le rogha 1.

I gcómhthéacs phléití léanúnacha idirinstiúideacha ar chórais ghníomhaireachta an AE, cinneadh ag céim luath agus an togra á ullmhú aon saincheist ar creat cothrománach í (struchtúr agus ceart vótaíochta an Bhoird Riaracháin mar shampla) a chur i leattaobh agus díriú isteach ar an dornán de shaincheisteanna rialachais a bhaineann go sonrach le EMSA (cigireachtaí ar Bhallstáit an AE a eagrú mar

shampla). Níl sa togra mar sin ach líon beag d'fheabhsúcháin agus de shoiléirithe maidir le rialachas na Gníomhaireachta.

5. CONCLÚID

Baineann seirbhísí an Choimisiúin de thátaí as an méid réamhráite gurb é rogha 4 ina gcuimsítear roghanna 2 agus 3, mar a leagtar amach thuas, an rogha roghnaithe le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chúraimí ESMA, agus áirítear leis seo go leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh de chúnamh tábhachtach teicniúil a sholáthar don Choimisiúin agus do na Ballstáit i ngach réimse cuí faoina cúram. I gcomhthéacs chás an bhuiséid mar a leagtar amach sa phointe deireanach, áfach, bheartaigh seirbhísí an Choimisiúin cur chuige níos teoranta i leith rogha 4 a roghnú. Agus cás an bhuiséid réamhráite mar aon le forbairtí agus infheistíochtaí a rinneadh cheana idir 2008 agus 2011 curtha san áireamh, tá na costais maidir le méadú breise EMSA teoranta do 18 bpost breise nua, poist a thiocfaidh i bhfeidhm de réir a chéile ó 2012 go dtí 2014, méadú as a dtiocfaidh 6 phost ó EMSA trí ath-implonú inmheánach. Meastar gurb é 3.9M EUR go neasach an tionchar buiséadach le haghaidh thréimhse 2012-2015.